CAIBIDIL 5

Fostaíocht, Gníomhaíocht Eacnamaíoch agus Miondíol

5.1 Ginearálta

Bhí fás eacnamaíoch gan fasach ar siúl in Éirinn le roinnt blianta anuas. Measadh gurab é 5.2% in aghaidh na bliana meán ráta fás an OTN le linn na tréimhse idir 2000 agus 2006. Laghdaigh an ráta fáis beagáinín go 4.5% i 2007. D'ardaigh líon na ndaoine sa bhfostaíocht ó 1.827m i Samhain 2003 go 2.146 le linn an cheathrú deiridh i 2007 i gcaitheamh tréimhse an Phlean Forbartha reatha. D'athraigh nádúr fáis eacnamaíoch na hÉireann, áfach, le roinnt blianta anuas, ó fhás ceannasaithe ag easpórtáil go staid ina bhfuil an earnáil teaghlaigh mar an phríomh fhoinse fáis. Thiomáin tógáil agus úsáid, mar thoradh ar ioncaim indiúscartha, an eacnamaíocht le roinnt blianta anuas. Cé gur dhéileáil an méadú seo san aschur tógála le laige bonneagair agus tithíochta, d'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh an iomad de mhuinín as tógáil agus as úsáid bheith mar chúis an eacnamaíocht bheith i mbaol ins na blianta atá le teacht, go háirithe de réir mar a mhéadaigh fiacha pearsanta, chomh maith, le linn na tréimhse seo. Léiríonn cur i láthar *Innéacs Fostaíochta na Tógála* de chuid an CSO ar an 10ú Márta 2008 gur laghdaigh fostaíocht Tógála 10.3% bliain i ndiaidh bliana suas go Eanáir 2008.

	2003	2004	2005	2006	2007
OTN	5.7	3.7	4.9	6.5	4.5



Fiacha tís in aghaidh an duine (€), tíortha roghnacha, 2003 agus 2006
Foinse: Banc Ceannais na hEorpa

Foinse Fás na bPost in Éirinn, (000) 2000-2007

Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh

5.1.1 Léiríonn figiúirí go bhfuil difríochtaí réigiúnacha móra sa bhfás mórthimpeall an Chontae leis an Deisceart agus an Oirthear ag baint an tairbhe is mó as seachas an chuid eile den Tír. Tá ceantair tuaithe ag braith go mór ar thalmhaíocht agus táid níos moille ag baint tairbhe as fhás eacnamaíoch faid is gur éirigh i bhfad níos fearr le hionaid uirbeacha mhóra. Tá Contae Chiarraí sa dara áit deiridh maidir le 'Ioncam Iomlán per Duine' agus 'Ioncam Indiúscartha per Duine' ag 83% agus 86% faoi seach den Meán Náisiúnta (CSO Feabhra 2008). D'fhéadfadh sé seo an muinín atá as an fhostaíocht turasóireachta a léiriú lena nádúr séasúrach agus ioncaim níos ísle.
Taispeánann figiúirí don tréimhse 2002-2006 go bhfuil eacnamaíocht Chiarraí ag braith go mór ar thógáil, le 8216 nó 13.5% den bhfórsa oibre ag obair i slite beatha a bhaineann leis an dtógáil. Clúdaíonn mórdhíol agus miondíol 8,087 duine breise arís. Beidh dúshláin ós comhar an dá earnáil má mhoillíonn ár bhfás eacnamaíoch síos, de bharr go bhfuil a lán den éileamh reatha ceannasaithe ag rudaí a bhaineann leis an dteaghlach.

5.2 Réamh-Mheastacháin Fostaíochta

Léiríonn Táblaí 5.0 agus 5.1 teilgin bliantúla an fhórsa oibre suas go 2015 ag tógáil ón dteilgean daonra atá imlínithe i gCaibidil 1.

D'fhéadfadh an t-ardú tapaigh i méid fórsa oibre Chiarraí ag baint úsáid as na teilgin daonra ar chomhlíne le treoir RCORÁ a bheith curtha i gcontrárthacht leis an bhfás gur dhócha a bheidh sa bhfostaíocht ar bhonn an chomhlíonadh i 2002 agus an aeráid macra-eacnamaíoch sa tréimhse atá le teacht.

Ní dhéanfar iarracht ach ar chomharthaí is leithne patrúin fostaíochta an todhchaí, de bharr infhaighteacht na sonraí.

	2006	2007	2008	2009	2010	2011	2012	2013	2014	2015
Lucht saothair	66,576	67,673	68,787	69,920	71,072	72,243	73,831	75,454	77,113	78,809
Fir	39,482	39,932	40,386	40,846	41,312	41,782	42,470	43,169	43,880	44,602
Mná	27,094	27,736	28,394	29,066	29,755	30,461	31,355	32,276	33,225	34,201

Tábla 5.0

	2002	2006	2011	2015
Iomlán ag obair	53,296	60,810	66,511	72,357
Iomlán an lucht saothair	58,543	66,576	72,243	78,809
Dífhostaithe	9.0%	8.7%	7.9%	8.2%

Tábla 5.1

Tá baint amach an fhigiúir uaillmhianach seo ag braith ar scála mór ar sholáthar bhonneagair dóthanach, cultúr eolais agus nuálaíochta mealltach a chur chun cinn agus forbairt straitéis dírithe chun an timpeallacht atá riachtanach do fhostaíocht a chruthú.

5.3 Straitéis

5.3.1 Is é an straitéis Náisiúnta do fhorbairt eacnamaíoch ná cumas iomaíochta, nuálaíocht agus tabhairt isteach eacnamaíocht bunaithe ar eolas dúchasach a chur chun cinn. Beidh sé riachtanach, faoi mar a leanann iomaíocht do infheistíocht eachtrach ag méadú, ní hamháin leanúint leis an iomaíocht domhanda ach sochaí fiontrach a chruthú go bhfuil de chumas aige fiontair dhúchasacha a ghiniúint go mbeidh roinnt acu mar fhostóirí móra an todhchaí. Féachtar ar an bhéim ar nuálaíocht mar eilimint chriticiúil de straitéis eacnamaíoch na todhchaí. Tá an straitéis seo léirithe i bpolasaithe na ngníomhaireachtaí atá ag feidhmiú mórthimpeall na tíre. D'ionchorpraigh Fiontar Éireann polasaithe Náisiúnta Forbartha Réigiúnaí agus Nuálaíocht ina dhoiciméad straitéise féin.

Tá straitéis Enterprise Ireland deartha chun a chinntiú go ndéantar uasmhéadú ar dheiseanna d'fhiontair agus lucht fiontraíochta na hÉireann ar fud na réigiúin uile agus go sholáthraítear tacaíocht ábhartha chun freastal ar na dúshláin mhéadaitheacha atá in aice láimhe sa láthair mhargaidh domhanda. Tá Enterprise Ireland dírithe ar oibriú leis na boird fiontraíochta contae agus cathrach agus lárionaid nuálaíochta ghnó chun contanam tacaíochta gan uaim a sholáthar do ghnó na hÉireann, ag ceangal a gcuid riachtanais siúd leis na hacmhainní is fearr atá ar fáil. I gcleachtadh tabharfaidh sé seo isteach leibhéal níos airde nascachta agus solúbthachta sa chóras tacaíochta fiontraíochta.

Beidh an nuálaíocht mar an ábhar cumasaithe is mó de rathúlacht leanúnach do thionscal na hÉireann. Tá luas na nuálaíochta ag luathú sa gheilleagar domhandaithe. Tá margaí atá éagsúil agus de shíor ag éabhlóidiú faoi réir comórtas domhanda méadaithe arna thacú ag soghluaisteacht feasachta agus caipitil, agus solúbthacht na gcomhlachtaí iomhaíochais. Leagann dul chun cinn Teicneolaíochta amach caighdeáin nua agus cuirtear éilimh nua ar ghnólachtaí dá réir.
Transforming Irish Industry, Enterprise Ireland strategy 2008 -,2010

5.3.2 Léirigh domhandú na heacnamaíochta domhanda agus riachtanais teicneolaíochta nua atá ag athrú deiseanna le haghaidh infheistíocht nua dóibh san gur féidir leo dúshláin iomaíochta méadaithe a shásamh. D'éirigh go hiontach le Ciarraí infheistíocht eachtrach agus inmheánach a mhealladh isteach i dtionscail a bhaineann leis an dteicneolaíocht.

5.3.3 Tá deis an – tábhachtach san teicneolaíocht d'fhás na heacnamaíochta toisc ról méadaithe teicneolaíocht an ríomhaire, tionscail dian-eolais agus taighde agus forbairt san eacnamaíocht domhanda agus i dteannta leo san níl na húsáidí a bhaineann leo teoranta do aon áit faoi leith agus mar sin is féidir leo lonnú in áiteanna imeallacha.

5.3.4 Soláthraíonn Forbairt na Sionainne, trí Ghréasán Eolais Forbartha na Sionainne ag ionchorprú Páirc Teicneolaíochta Chiarraí agus Ionad Tom Crean, áis agus timpeallacht a nascann gnó, oideachas agus nuálaíocht. Cruthaíonn cnuasú tionscail bunaithe ar eolas i dteannta le hidirghníomhaíocht an Institiúid Teicneolaíochta féidearthacht le haghaidh aistriú eolais agus idirghníomhaíocht. Éascaíonn sé seo an fhéidearthacht coinbhéirseacht a fhorbairt ó earnálacha difriúla ag nascadh chun táirgí agus teicneolaíochtaí nua a chruthú. D'éirigh leis an múnla le roinnt blianta anuas líon tionscal bunaithe ar eolas a fhorbairt.
Ina theannta san, d'fhorbair Forbairt na Sionainne, trí thionscnamh 'eBailte', 'sampla 21ú chéid' le haghaidh forbairt leanúnach agus todhchaí líon bailte agus sráidbhailte beaga i Réigiún na Sionainne. Tá sé mar aidhm ag an tionscnamh seo infheistíocht fiontair bunaithe ar Eolas a uasghrádú i mbailte tuaithe níos lú, go dtéann forbairt eacnamaíoch tharstu go minic. D'oibrigh an comhlacht i bpáirtíocht leis an bpobal, le Comhairle Contae Chiarraí agus leis an Seirbhís Oideachais Príomha chun tacaíochtaí dírithe a sheachadadh le plean forbartha baile, traenáil agus nascacht leathanbhanda san áireamh i dTairbeart.

> ***Tá forbairt an gheilleagair feasachta ar cheann de na príomh-dhúshláin agus deiseanna ag tabhairt aghaidh ar Éire. Ní leor na fachtóirí a chur lenár rathúlacht geilleagrach go dtí seo chun an fhís seo a bhaint amach. Tá comórtas ag cruthú brú le haghaidh feabhsúcháin in éifeachtacht, caighdeán agus táirgiúlacht agus riachtanas méadaitheach le nuálú. Is cinnte go bhfuil na brúnna seo chun méadú. Tá an riachtanas á chruthú acu chun céimeanna cróga chun cinn a thógáil a bhainfidh amach athrú straitéiseach dáiríre, a thaispeánfaidh torthaí inláimhsithe meántéarmacha agus a dhéanfaidh múnlú ar an todhchaí.***
> *An Straitéis Náisiúnta Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta 2006-2013*
> '

5.3.5 Leanfaidh an Chomhairle ag tabhairt tacaíocht do thionscnaimh dá leithéid chun cabhrú aghaidh a thabhairt ar imeallach an Chontae agus an caighdeán saoil a úsáid mar mhealladh do infheistíocht isteach.

5.3.6 Tá forbairt eacnamaíoch iomaíoch bunaithe ar eolas ag braith ar líon mór earnálacha ag idirghníomhú ar bhonn dírithe chun aidhm deiridh a bhaint amach. Ní fhoirmeoidh an plean úsáide talún seo agus na cuspóirí agus na polasaithe atá imlínithe ach eilimint amháin den straitéis iomlán seo. D'imlínigh an Chomhairle Náisiúnta Iomaíochta an múnla le haghaidh Fás Inchothaithe a fhorbairt agus na coinníollacha agus na hionchuir polasaí difriúla atá riachtanach. Tá sé seo léirithe i bhfigiúir 5.3 thíos. Tá fás inchothaithe i gcaighdeáin saoil ar bharr an phirimid. Tá trí eilimint ar bhun an phirimid ar ionchur polasaí:

- Bonneagar Fisiceach

Cuireann leibhéal an bhonneagair i dtír isteach ar iomaíocht ina lán slite difriúla. Is féidir le bonneagar atá forbartha go maith brú tráchta a laghdú, táirgeacht a mhéadú agus costais a laghdú. Ní hamháin go gcuireann sé seo isteach ar eagraíochtaí reatha, ach cuireann sé isteach ar mhealltacht tíre mar áit infheistithe agus caighdeán saoil ginearálta. Tá sé seo thar a bheith tábhachtach do Chiarraí de bharr go bhfuil a lán de fhás an daonra agus an cruthú fostaíochta atá riachtanach an Mhol a fhás ag braith ar imirce isteach de bharr nach féidir na teilgin a bhaint amach trí athghiniúint nádúrtha dúchasach. Tá bonneagar fhisiceach, bonneagar iompair agus fhuinnimh, bonneagar teicneolaíochta Eolais agus cumarsáide agus tithíochta san áireamh i mbonneagar fhisiceach.

- Bonneagar Feasachta

Foirmíonn oideachas, traenáil agus taighde agus forbairt páirteanna tábhachtacha de bhonneagar le haghaidh eolas a ghiniúint.

- Bonneagar Gnó

Is féidir tionchar mór bheith ag an timpeallacht gnó le cánachas, rialachán agus iomaíocht, rialacháin an mhargaidh oibre, caipitil airgeadais agus sóisialta san áireamh ar chomhlíonadh agus ar iomaíocht eacnamaíoch.



Foinse: An Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais

Fig. 5.3

5.3.7 Déanann Plean Forbartha Chontae Chiarraí suas ceann de na hionchur polasaí ag imlíniú polasaithe agus cuspóirí an Údaráis Áitiúil. Éascaíonn cruthú ceangail níos láidre idir tionscal, áiseanna oideachais agus taighde agus forbairt ionaid eolais agus saineolacha, agus áiteanna le haghaidh coinbhéirseacht saineolach in aicmí difriúla an timpeallacht le haghaidh teicneolaíocht nuálaíochta, deiseanna fostaíochta agus cruthú saibhris a chur chun cinn.

Ceadóidh bonneagar fiontraíochta dea-fhorbartha do ghnóthaí nua nuálaíocht-bhunaithe giniúint agus teacht chun cinn ar bhonn réadúil. Tiomáinfimid an fás i gcruthú na n-ábhar tosaithe nuálaíocht-bhunaithe chun spreagadh a dhéanamh ar theacht chun cinn comhlachtaí nua ar chumas ard-fáis go háitiúil, ag soláthar réimse cuimsitheach tacaíochtaí chun freastal ar a gcuid riachtanais forbartha. Oibreoimid go dlúth le hollscoileanna agus Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann, ag a bhfuil ról ríthábhachtach i bhforbairt agus uchtú na cineálacha seo comhlachtaí.
Transforming Irish Industry, Enterprise Ireland strategy 2008 -,20100

5.3.8 Is é straitéis eacnamaíoch iomlán an phlean seo soláthar an bhonneagair cuí a chur chun cinn agus tacú leis na heagraíochtaí cuí na coinníollacha atá riachtanach d'fhás eacnamaíoch mórthimpeall an Chontae a chruthú agus deiseanna fostaíochta a chruthú.

Cuspóir Uimh.	Fostaíocht agus Gníomhaíocht Eacnamaíoch Straitéis Foriomlán
	Tá sé mar chuspóir de chuid na Comhairle:
ECO 5-1	Nuálaíocht agus forbairt bunaithe ar eolas a chur chun cinn mórthimpeall an Chontae.
ECO 5-2	Soláthar an bhonneagair chuí a chur chun cinn agus tacú leis na heagraíochtaí ábhartha ag cruthú na coinníollacha riachtanach d'fhás na heacnamaíochta mórthimpeall an Chontae agus deiseanna fostaíochta a chruthú.
ECO 5-3	Fás eacnamaíoch agus fostaíochta a mholadh i ngach earnáil san eacnamaíocht ar bhonn inchothaithe agus ar chomhréir le prionsabail agus le cuspóirí an phlean forbartha seo.
ECO 5-4	Tacaíocht a thabhairt do fhoirmeacha giniúna fostaíochta inchothaithe agus seasmhach, ag moladh cruthú poist nuálach agus fiontraíochta go bhfuil de chumas ann freagra a thabhairt ar aeráid eacnamaíoch domhanda atá ag athrú.
ECO 5-5	Forbairt mhais chriticiúil i scileanna daonra a éascú agus na ceangail atá riachtanach ionad eacnamaíochta a chruthú i Mol Thrá Lí/Cill Airne atá de chumas acu fás eacnamaíoch a thiomáint sa chontae.
ECO 5-6	Tacaíocht a thabhairt d'fhás eacnamaíoch bailte agus sráidbhailte reatha ar chomhréir le straitéis lonnaíochta an phlean forbartha seo agus le cuspóirí pleananna ceantair áitiúil.
ECO 5-7	Éagsúlú a dhéanamh ar an eacnamaíocht le ceantair tuaithe san áireamh trí thionscail bunaithe ar eolas, nuálaíocht, teileachumarsáid, taighde

	agus forbairt, innealtóireacht chruinnis agus tionscail cruthaitheacha a chur chun cinn.
ECO 5-8	Fiontair bheaga agus meánacha nua a chur chun cinn trí éascú a dhéanamh ar fhorbairt freagraí sealúchais mar aonaid oibre baile, áiseanna cothaithe roinnte agus obair sa bhaile.
ECO 5-9	Talamh i gcrios le haghaidh úsáideacha fostaíochta sa phlean seo agus i ngach plean ceantair áitiúil a chosaint ó fhorbairt neamhoiriúnach a chuirfeadh isteach ar a fhorbairt sa bhfad-théarma do na húsáideacha seo.
ECO 5-10	Deimhin a dhéanamh de go mbaineann ceantair uirbeacha agus tuaithe tairbhe as fás eacnamaíoch ar bhonn inchothaithe.
ECO 5-11	Cur chuige cothrom a lorg le haghaidh soláthar forbartha a ghineann fostaíocht sa chás go mbíonn coinbhleacht le breathnaithe timpeallachta i gceist.

5.4 Mol Thrá Lí Chill Airne

5.4.1 Tá tábhacht straitéis pleanála spásúlachta aitheanta ag an rialtas i bhfoilsiú an Phlean Náisiúnta Forbartha agus an Straitéis Náisiúnta Spásúlachta. Tá an Straitéis Náisiúnta Spásúlachta bunaithe ar choincheap *Ceantair Feidhmeacha* .i. ceantair atá sonraithe i dtéarmaí gaoil sóisialta, eacnamaíochta agus spásúil idir áiteanna, seachas a theorainn riaracháin. Bhí dorchla forbartha Thrá Lí / Chill Airne comharthaithe mar Mhol nasctha. Sé an chúis atá leis an Mol seo ná mais criticiúil a chruthú de mhéid, de dhíriú agus de thréithe céanna an daonra, atá riachtanach chun tacú le leibhéal dóthanach seirbhísí agus áiseanna chun leibhéil eacnamaíoch níos airde a mhealladh. Beidh forbairt leanúnach an mhoil seo mar chuspóir de chuid an phlean forbartha seo.

> Ceann de spriocanna foriomlána ná chun 'comhtháthú a dhéanamh ar fhorbairt réigiúnach laistigh de chreatlach Cathracha tairsí agus Molbhailte na Straitéise Náisiúnta Spásúlachta chun spriocanna an fháis eacnamaíoch a bhaint amach sna réigiúin agus soláthar a dhéanamh le haghaidh mór-infheistíocht sa gheilleagar náisiúnta'.
>
> *Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 'Transforming Ireland'*

Beidh ar na bailte timpeall 289 post a ghiniúint gach bliain, nó thart ar 1734 le linn cúrsa an phlean, i dtreo is go mbainfidh Mol Chiarraí amach sprioc a dhaonra de 11,000 duine idir 2000 agus 2020. Mar sin, is eilimint phríomha de fhís an mhol é giniúint eacnamaíochta agus fostaíochta – atá le bheith dírithe go sonrach ar fhorbairt na heacnamaíochta cruthaitheach agus ar eacnamaíocht nuálaíoch bunaithe ar eolas, faid is a leantar le forbairt táirge turasóireachta d'ard chaighdeán. Tá an comhthéacs do seo imlínithe agus forbartha thíos.

5.4.2 Cuirfidh an Comhairle chun cinn fís Mol Chiarraí mar *'gréasán uirbeach atá ceangailte go maith agus mar fhoinse cruthaitheachta, giniúna fostaíochta, rannpháirtíochta phobail agus luach cultúrtha, agus go bhfuil sé sainiúil dá mheallta turasóireachta, rogha slí beatha agus*

caighdeán saoil leithleach', (féach ar 'Mol Chiarraí, "Straitéis Forbartha agus Plean Úsáide Talún le haghaidh Purláin Thrá Lí agus Chill Airne",')



Cuspóir Uimh.	Fostaíocht agus Gníomhaíocht Eacnamaíoch Straitéis Eacnamaíoch an Mhoil
	Tá sé mar chuspóir de chuid na Comhairle:
ECO 5-12	Gréasáin Taighde agus Forbartha a mholadh idir institiúid oideachais an réigiúin le fiontar príobháideach sa Mhol.
ECO 5-13	Gníomhú le heagraíochtaí oideachais agus traenála an cheantair, le fiontar Éireann san áireamh agus cinn eile, chun féachaint ar conas is féidir leis an gComhairle cabhrú le cruthú 'Braislí Cruthaitheacha' ins na Mol-bhailte.
ECO 5-14	Oibriú le Comhairle Bhaile Thrá Lí chun taiscéal a dhéanamh ar fhéidearthacht forbartha an Cheathrú Ealaíona nó an Ceathrú Cultúrtha ar an dtaobh ó dheas de Lár an Bhaile i gceantar Siamsa Tíre (Ionad

	Náisiúnta/Ionad Ealaíona) agus Iarsmalann Chontae Chiarraí.
ECO 5-15	Mol Chiarraí a chur chun cinn mar ionad le haghaidh chruthaitheachta, le díriú ar leith ar thionscail cruthaitheacha.
ECO 5-16	Forbairt eacnamaíocht turasóireachta láidir a chur chun mórthimpeall an Mhol agus deimhin a dhéanamh de go bhforbraíonn sé mar ionad breáthachta sa dturasóireacht.
ECO 5-17	Suim sna traidisiúin áitiúla agus in oidhreacht réigiún an mhol a chur chun cinn, i dteannta le taithí cultúrtha éagsúla nua, trí féastaí agus an ealaíon a chur chun cinn.
ECO 5-18	Oibriú le Fáilte Éireann, le Bord Forbartha an Chontae, agus le Turasóireacht Chorcaí-Chiarraí agus le fiontair príobháideacha chun scrúdú a dhéanamh ar mheicníochtaí le haghaidh an táirge turasóireachta ar fáil sna Mol-bhailte, go háirithe ag tabhairt aird ar fhorbairt saoire gníomhaíochta nideoige agus ionaid gníomhaíochta faoi dhian/gach aimsir.
ECO 5-19	Oibriú leis na gcuideachta agus na heagraíochtaí cuí agus le grúpaí áitiúla éagsúla atá gafa leis an Ealaíon chun féastaí, tairbhithe, ócáidí, siopaí oibre, féilte, s.rl. a chur chun cinn a thaispeánadh an ealaíon agus íomhá agus mealltacht an mhoil a uasghrádú.
ECO 5-20	Soláthar aonaid Cothaithe a chur chun cinn i gCill Airne chun éascú a dhéanamh ar ghnó agus ar nuálaíocht atá ag teacht chun cinn.

5.4.3 An Fearann Fuar

Tá an cumas ag an bhFearann Fuar insroichteacht idir-uirbeach a chur chun cinn atá de thábhacht criticiúil do fhorbairt bhuacach an Mhoil agus an tír ina iomlán. Tá an Fearann Fuar friotháilte ag aerfort idirnáisiúnta, ag bealaigh náisiúnta phríomha agus tá sé ar ghréasán iarnróid náisiúnta. Beidh ról straitéiseach agus lárnach ag an bhFearann Fuar in oibríocht agus feidhmiú éifeachtach an Mhoil de bharr suíomh imeallach Chiarraí.

Ní meastar go bhfuil forbairt gníomhaíochtaí fostaíochta íseal diana talún mar oll-stóráil inchothaithe ó theilgean úsáide-talún in aice le bailte níos mó. Deimhneoidh soláthar úsáideacha dá leithéid sa Fearann Fuar ná forbróidh sé patrúin comaitéireachta neamh-inchothaithe a ghintear ó lonnaíochtaí níos mó Thrá Lí agus Chill Airne. Meastar go bhfuil an Fearann Fuar idéalach don úsáid seo de bharr a shuíomh lárnach laistigh den Chontae, a cheangail bóthar agus aer agus a chúlchríoch neamhfhorbartha. Rinne Plean Ceantair Áitiúil an Fhearann Fhuar foráil le haghaidh talamh a chur i gcrios do úsáideacha dá leithéid. Oibreoidh an Chomhairle le Údarás an Aerfoirt agus le gníomhaireachtaí cuí eile chun féidearthacht forbartha an cheantair a dhéanamh chomh mór agus is féidir.

Cuspóir Uimh.	Fostaíocht agus Gníomhaíocht Eacnamaíoch An Fearann Fuar
	Tá sé mar chuspóir de chuid na Comhairle:
ECO 5-21	Forbairt Fhearann Fhuar a chur chun cinn mar áit le haghaidh úsáideacha diana talún mar oll-stóráil agus loighistice agus aonaid tionsclaíocha beaga éadrom.

5.5 Príomhbhailte

Tá sé bhaile Phríomha ins na Ceantair Fheidhmeacha Phríomha mórthimpeall an Chontae. Tá mais criticiúil sa daonra ag na bailte seo i dteannta le seirbhísí chun tacú le fás eacnamaíoch agus gníomhú mar ionaid fostaíochta ins na fo-réigiúin a dhéanann suas a dhobharcheantair. Tá ról straitéiseach ag forbairt na n-ionad seo i dtaobh insroichteacht feabhsaithe a sholáthar do fhostaíocht ins na sráidbhailte agus ins na ceantair tuaithe ina dhobhar. Tá Plean Ceantair áitiúil ullmhaithe do gach Baile Dúiche a aithníonn na deiseanna le haghaidh fás eacnamaíoch agus a ndéanann creasa talún ar chomhréir. Bhí na straitéisí fostaíochta do na bailte seo tógtha ó anailís ar na deiseanna fostaíochta a bhaineann le gach baile agus na hiallaigh go gcaithfear déileáil leo más tugtar faoi ndear a bhféidearthacht le haghaidh fás eacnamaíoch. Tá an gá atá le ceangail fheabhsaithe a chruthú idir na bailte seo, an dorchla forbartha agus bailte réigiúnacha móra Thrá Lí agus Chill Airne i measc na hiallaigh seo. Éascóidh an cur chuige pleanáilte seo do fhorbairt fás eacnamaíoch an Údaráis Áitiúil i ndáileadh todhchaí na n-acmhainní, agus a chur in iúl dó faoi bhreitheanna polasaí.

5.6 Bailte agus Sráidbhailte

Tá neartú na bpobal tuaithe mar bhonn an phlean forbartha. Bhí caillteanas daonra mór ag na ceantair seo ins an am atá caite, go háirithe de bharr easpa deiseanna fostaíochta. Ní féidir an bonneagar agus na seirbhísí go bhfuil gá leo chun cruthú poist a chur chun cinn bheith soláthraithe i gcónaí sa dtuath oscailte ach tá an féidearthacht ag na gréasáin lonnaíochta seo mórthimpeall an chontae deiseanna fostaíochta a sholáthar dá dhobhar tuaithe níos leithne. Is trí an cur chuige seo gur féidir le deiseanna fostaíochta bheith tógtha do mhuintir tuaithe. Tá cur chuige níos inchothaithe ann i dtaobh na heacnamaíochta agus na sóisialacha de. Tá féidearthacht do bhailte tuaithe agus sráidbhailte úsáideacha fostaíochta a mhealladh trasna an réimse earnálacha eacnamaíoch ag braith ar réimse fhachtóirí mar imeallach, ceangail le hionaid eacnamaíochta eile, méid an daonra agus tréithe nádúrtha. Aithníonn an plean ceantair áitiúil do gach lonnaíocht na deiseanna le haghaidh fás eacnamaíoch agus déanann sé creasa talún dá réir san sa chás go bhfuil deiseanna ann d'fhás eacnamaíoch. Is féidir leis a bheith deacair de bharr a méid agus easpa talún ar fáil áiteanna oiriúnacha a aimsiú le haghaidh forbairt tionsclaíoch éadrom i ngach lonnaíocht. Tá i gceist, mar sin, gur féidir déileáil leis seo trí an polasaí do thionscal éadrom i gceantair tuaithe.

Cuspóir Uimh.	Fostaíocht agus Gníomhaíocht Eacnamaíoch Bailte agus Sráidbhailte
	Tá sé mar chuspóir de chuid na Comhairle:
ECO 5-22	Tacaíocht a thabhairt d'fhás eacnamaíoch agus do fhorbairt tionsclaíoch na mbailte níos mó chun gníomhú mar chatalaíocha le haghaidh forbairt laistigh dá chúlchríoch.
ECO 5-23	Tacaíocht a thabhairt do na straitéisí le haghaidh fhás eacnamaíoch mar atá leagtha amach sna pleananna ceantair áitiúil le haghaidh bailte agus sráidbhailte agus soláthar aonaid tionsclaíocha éadroma a chur chun cinn nuair is cuí.

5.7 Banc Talmhaíochta Bhéal Átha Longfoirt

Tá Inbhear na Sionainne déanta suas de cheann de na suíomh domhain-uisce is tábhachtaí mórthimpeall na Tíre. Is ceantar é le féidearthacht mór ann do fhorbairt sa todhchaí de bharr seo agus is sócmhainn é don Chontae go gcaithfidh a fhéidearthacht bheith déanta chomh mór agus is féidir. Tá ceantar mór talún déanta suas de 188.8 he ina chreasa faoi láthair do fhorbairt tionsclaíoch. Tugadh cead pleanála do theirminéal gás le déanaí ar phíosa den talamh seo. Seasann an teirminéal gás do shócmhainn náisiúnta le haghaidh allmhairiú, stórais agus dáileadh gás nádúrtha leachtach don eangach náisiúnta gás. Cuirfidh a fhorbairt go mór le féidearthacht fhorbartha an cheantair. Do bé ceann de na meallta móra le haghaidh an fhorbróir ná an domhain-uisce ar fáil nuair a bhí sé ag roghnú an suíomh. Cé go bhfuil domhain-uisce eile ar fáil Siar ón suíomh GNL, bheadh áiseanna lamairne níos faide riachtanach do seo. Tá domhan-uisce atá níos fusa teacht ar le fáil Soir ón suíomh GNL. Lasmuigh de shócmhainn an domhain-uisce táthar ag súil go mbeidh an áit seo mar shuíomh an-mhealltach le haghaidh tionscail eile a bheith ann sa todhchaí de bharr láithreacht na háise GNL, infhaighteacht gás nádúrtha, a chóngaracht don eangach náisiúnta agus féidearthacht athghiniúna ón bpróiseas ath-ghásaithe, i dteannta le bonneagar fhisiceach breise i dtéarmaí bóithre agus uisce agus seo. Sholáthródh forbairt na talún seo gur féidir líon mór fiontar bheith ann deiseanna fostaíochta forbartha le haghaidh Chiarraí thuaidh. Is é aidhm, mar sin, Comhairle Contae Chiarraí talamh breise a chur i gcreasa sa cheantar seo le haghaidh forbairt tionsclaíoch.

Cuspóir Uimh.	Fostaíocht agus Gníomhaíocht Eacnamaíoch Banc Talmhaíochta Bhéal Átha Longfoirt
	Tá sé mar chuspóir de chuid na Comhairle:
ECO 5-24	Éascú ar sholáthar an bhonneagair cuí chun riachtanas na tionsclaíocha a bhaint amach i mBaile Longfoirt/Tairbeart agus mórthimpeall an Chontae.
ECO 5-25	Forbairt na talún criosach le haghaidh forbairt tionsclaíocha a chur chun cinn agus a éascú.
ECO 5-26	Tacaíocht a thabhairt do fhorbairt úsáideacha tionsclaíocha ar scala mór ar thalamh chriosach laistigh de cheantar Tairbeart/Bhaile Longfoirt le tionscal agus fiontar ar scála mór a bhaineann le muirí san áireamh go bhfuil gá le teacht ar dhomhain-uisce ann.

5.8 Limistéir Thuaithe

Cé go ngníomhóidh Mol Thrá Lí Chill Airne mar fhócas phríomha do infheistíocht isteach sa chontae, tá sé tábhachtach riachtanais agus cabhair an tionscail mórthimpeall an chontae a aithint, chomh maith,. Tá soláthar deiseanna fostaíochta i gceantair tuaithe in aice le pobail tuaithe thar a bheith tábhachtach chun pobail tuaithe beoga inchothaithe a chothabháil. Tá talamh oiriúnach do fhorbairt tionsclaíoch aitheanta i bpleananna ceantair áitiúil nuair is cuí, go ginearálta in aice le lonnaíochtaí ar chomhlíne le prionsabal forbartha inchothaithe agus sa chás go soláthraíonn bonneagar agus ceangail suíomh optamam. Tá méadú mór déanta ar mhéid na talún laistigh den dorchla forbartha atá ina chreasa le haghaidh úsáideacha tionsclaíocha. Cé go bhfuil sé níos fearr tionscal beag a bheith suite chomh cóngarach agus is féidir le lonnaíochtaí go bhfuil fórsa oibre níos mó ar fáil ann agus gá níos lú le taisteal, níl sé seo indéanta i gcónaí. Is é polasaí na Comhairle, mar sin, tacaíocht a thabhairt do mholtaí forbartha tuaithe ar bhonn inchothaithe.

Féachfaidh an Comhairle go fabhrach, ar an gcaoi seo, ar fhorbairt fiontar ar scála beag agus aonaid tionsclaíocha sa chás gur féidir leis a bheith léirithe go mbeidh tionchar na hamharc chomh beag agus is féidir agus comhtháthú leis an dtírdhreach mórthimpeall air chomh mór agus is féidir, go bhfuil féidearthacht fhuinnimh inathnuaite chomh mór agus is féidir, agus go bhfuil trácht, conláiste nádúrtha, conláiste ceantair na sealúchas in aice láimhe, agus an timpeallacht nádúrtha cosanta.Faoi réir na créitéir pleanála chearta, leagfar béim ar leith ar thionscail tuaithe eiseacha ina bhfuil pleananna leathnaithe de dhíth.

Cuspóir Uimh.	Fostaíocht agus Gníomhaíocht Eacnamaíoch Limistéir Thuaithe
	Tá sé mar chuspóir de chuid na Comhairle:
ECO 5-27	Fás eacnamaíoch ceantair tuaithe a chur chun cinn mórthimpeall an Chontae ar bhonn inchothaithe**.**
ECO 5-28	Fiontair bheaga dhúchasacha ar scala beag a thabhairt isteach mar shlí fostaíocht a dhíriú i gceantair tuaithe agus éascú a dhéanamh ar fhorbairt cultúr fiontraíoch a chabhróidh le forbairtí úsáideacha dúchasacha. Meastar, áfach, go leanfaidh fiontair ar scála beag a bheith suite i gceantair tuaithe ar thalamh atá ina chreasa don chúis seo.
ECO 5-29	Éascú a dhéanamh ar fhorbairt fiontar ar scála beag agus aonaid tionsclaíocha i gceantair tuaithe sa chás:- • gur féidir leis a bheith léirithe go mbeidh tionchar na hamharc chomh beag agus is féidir agus comhtháthú leis an dtírdhreach chomh mór agus is féidir, • go bhfuil féidearthacht fhuinnimh inathnuaite chomh mór agus is féidir, • go bhfuil tionchair sábháilteachta bóthar agus cumas iompair sásaithe, • go bhfuil conláiste nádúrtha, conláiste cónaithe na sealúchas cóngaracha, agus an timpeallacht nádúrtha cosanta.
ECO 5-30	Éagsúlú a dhéanamh ar an eacnamaíocht tuaithe trí tionscail bunaithe ar eolas, nuálaíocht, teileachumarsáid, taighde agus forbairt, agus tionscail chruthaitheacha a chur chun cinn.

5.9 Talmhaíocht

5.9.1 Tá líon na ndaoine atá gafa leis an bhfeirmeoireacht ag titim faoi mar a laghdaíonn ioncaim feirme. D'athraigh eacnamaíoch feirmeoireachta, ag déanamh feirmeacha níos lú neamh-inmharthana agus ag dul i dtreo aonaid feirme níos mó. Bhí an titim sa dtalmhaíocht mar fhachtóir phríomha i dtitim an daonra ina lán ceantair tuaithe ag cur inmharthanacht tuath na hÉireann i mbaol.

5.9.2 Tá an fheirmeoireacht ag meascadh isteach in aicmí eile mar tháirgeacht fhuinnimh, foraoiseacht méadaithe, próiseáil bia agus turasóireacht-feirme chun aghaidh a thabhairt ar an dtitim seo. Tabharfaidh an Chomhairle tacaíocht do fhorbairt ar scala-beag i gceantair tuaithe ar chomhréir le cuspóirí agus caighdeáin an phlean seo. Cabhróidh sé seo i bhforbairt inmharthana na bpobal tuaithe. Ina theannta san, cuirfidh an Comhairle chun cinn soláthar 'Margaí Feirmeacha' in áiteanna cuí, mar áiseanna le haghaidh táirge áitiúil ard chaighdeánach agus chun tacaíocht a thabhairt do inmharthanacht eacnamaíoch talmhaíocht áitiúil.

5.9.3 Tá ceantair tuaithe sonraithe, sa chomhthéacs seo, mar cheantair sa chontae atá suite lasmuigh de theorainn forbartha bailte agus sráidbhailte tuaithe. Breathnófar ar chlanna feirme atá ag iarraidh fiontair malartacha agus/nó moltacha a bhunú chun cur lena n-ioncam ón bhfeirm de bharr nádúr na talmhaíochta atá ag athrú.

Cuspóir Uimh.	Fostaíocht agus Gníomhaíocht Eacnamaíoch Éagsúlú Talmhaíochta
	Tá sé mar chuspóir de chuid na Comhairle:
ECO 5-31	Éascú a dhéanamh ar fhorbairt feirme sa chás gur féidir leis bheith léirithe: • Go bhfuil an talamh feirme atá ar fáil de mhéid dóthanach chun aon eisilteach feirme breise a ionsú. • Ná cuirfidh an fhorbairt molta isteach go diúltach ar an dtimpeallacht. • Ná beidh tionchar diúltach ag an bhforbairt molta ar chonláiste cónaithe na lóistíní tadhlacha.
ECO 5-32	Tacaíocht a thabhairt do fhorbairt agus do éagsúlú na hearnála talmhaíochta. D'fhéadfadh forbairtí ar scala beag bheith san aireamh sna húsáideacha seo atá déanta suas de thionscail próiseála bia, fiontair táirgeachta bia beaga a thugann tacaíocht do tháirgeacht áitiúil, áiseanna geata feirme, margaí feirmeoirí, agus forbairt foraoiseacht breise i gceantair chuí. Breathnófar ar fhoirgnimh feirme tréigthe a athrú le haghaidh úsáideacha tionsclaíocha éadroma nuair is féidir leis a bheith léirithe ná fuil aon tionchar cónaithe, timpeallachta nó tráchta diúltacha i gceist. Breathnófar ar mholtaí i gcomhthéacs cuspóirí agus caighdeáin forbartha atá laistigh den phlean forbartha seo. I gcomhthéacs thurasóireacht-feirme breathnófar ar aonaid lóistín saoire ar shealbhú talmhaíochta a leanfaidh mar chuid lárnach de shealbhú na talún. Beidh na haonaid seo suite laistigh de nó in aice leis an coimpléasc feirme reatha.

5.10 Polasaithe Earnálacha

5.10.1 Oifigí

Tá dhá rannóg phríomha d'úsáid oifige:

- Iad san a sholáthraíonn seirbhísí do bhaill an phobail ar chuairt ach go háirithe m.sh. seirbhísí airgeadais nó gairmiúla.

- ‘Tionscal oifige’ sa chás go dtáirgeann an gníomhaíocht táirge deiridh nó ag soláthar seirbhísí teileafóin nó seirbhísí bunaithe ar an idirlíon ach ná friothálann ar bhaill an phobail go díreach. Tá teile-dhíolacháin, teicneolaíocht agus úsáideacha bunaithe ar eolas san áireamh ins na húsáideacha.

Tá spás oifige san áireamh ins an chuid is mó de na fiontair eacnamaíochta mar úsáid coimhdeach le haghaidh cúiseanna oibríochta agus féachtar orthu seo i gcomhthéacs an úsáid phríomha agus ní laistigh den earnáil oifige.

Bhí oifigí a fhriothálann ar an bpobal suite i lár bailte go traidisiúnta le hais úsáideacha miondíola agus chabhraíodar le feidhmiú agus le beogacht lár na mbailte. Ceadaíonn sé seo do charnadh úsáideacha a fhriothálann ar an bpobal mar sin ag laghdú méid na n-aistear ná fuil gá leo. Meastar go bhfuil sé cuí go leanann úsáideacha dá leithéid a bheith suite i lár bailte.

Gineann ‘tionscal oifige’ fostaíocht ar scála mór agus is earnáil eacnamaíochta atá ag eirí níos tábhachtaí an tam go léir é faoi mar a chorraíonn próifíl eacnamaíochta na tíre ó dhéantúsaíocht traidisiúnta go tionscail le teicneolaíocht ard i gceist agus seirbhíse. Tá na húsáideacha seo carntha go minic agus suite laistigh de pháirceanna gnó oifige ag suímh straitéiseacha. Tá talamh dóthanach carntha le haghaidh na gcuspóirí seo i bhforálacha na bpleananna ceantair áitiúil le haghaidh bailte agus sráidbhailte mórthimpeall na tíre agus go háirithe, i bPlean Phurláin Thrá Lí Chill Airne. Measann an straitéis le haghaidh Mol Thrá Lí Chill Airne go gcarnfaidh tionscail teicneolaíochta agus bunaithe ar eolas laistigh de cheantar an phlean agus d’aithníodh talamh le haghaidh lóistín tógtha don chúis seo ag d’ard chaighdeán i bpáirceanna gnó/oifige molta.

Cuspóir Uimh.	Fostaíocht agus Gníomhaíocht Eacnamaíoch Úsáid Oifige
	Tá sé mar chuspóir de chuid na Comhairle:
ECO 5-33	Forbairt oifige a mholadh ar thalamh criosta i lonnaíochtaí ag scálaí cuí ag tabhairt aird ar: ▪ An straitéis spásúlachta le haghaidh forbairt eacnamaíoch na tíre ▪ An gá atá le fás eacnamaíoch Mol Thrá Lí/Chill Airne a chur chun cinn chun tacaíocht a thabhairt don Straitéis Spásúlachta le haghaidh forbairt eacnamaíoch an chontae. ` ▪ Cuspóirí agus caighdeáin forbartha an phlean seo agus iad san sa phlean ceantair áitiúil don cheantar ina bhfuil an moladh suite.
ECO 5-34	Deimhin a dhéanamh de go bhfuil caighdeán ard deartha, leagan amach agus conláiste soláthraithe agus cothaithe ag áiteanna roghnaithe le haghaidh fhorbairt fiontar forbartha oifige.
ECO 5-35	Éileamh a chur, sa mhéid agus is féidir, ar go mbeidh úsáideacha oifige a fhriothálann an bpobal go díreach suite ann nó in aice le lár bhailte.

5.10.2 Obair ón mBaile

Tá athruithe i bpatrúin na hoibre mar thoradh ar athruithe ar na dteicneolaíocht agus ar chleachtais oibre. Diaidh ar ndiaidh tá níos mó daoine ag obair ó bhaile. Ina theannta san tá méadú tagtha in uimhir na ngnóthaí beaga atá á rith ó bhailte na n-úinéirí. Íslíonn sé sin líon na n-aistear agus ligeann sé do fhostaíocht a bheith cruthaithe in áiteanna imeallacha. Chun aitheantas a thabhairt do na buntáistí bheith ag obair ó bhaile tacaíodh an Chomhairle le forbairt den chineál seo. Níor chóir go gcuirfeadh an fhorbairt isteach ar chúrsaí trí thorann ó bhreis gluaiseachta tráchta, fothram s.rl. Ba cheart go mbeadh an saothar teoranta do na gnáth oibrithe gnó. Níor chóir go mbeadh méid/déine na hoibre den chineál a mhalartódh carachtar an tsuímh ó chónaitheach go príomha go geilleagrach. Go ginearálta samhlaítear nach mbeidh sa bhreis ar bheirt ag obair ón mbaile. Ní cheadófar forbairt thairis an méid sin.

Cuspóir Uimh.	Fostaíocht agus Gníomhaíocht Eacnamaíoch Obair ón mBaile
	Tá sé mar chuspóir de chuid na Comhairle:
EIC 5-36	Tacaíocht a thabhairt do mholtaí ar obair ó bhaile ar an scála cuí i gcás ná cuirfear isteach ar an gconláiste cónaitheach go díobhálach. Gur chóir go gcloífí le gnáth-uaireanta cloig gnó idir 9:00 rn to 6:00 in.

5.10.3 Miondíol

Tá an earnáil mhion-díol déanta suas go príomha de ghnóthaí ar an mhór-gcóir a bhíonn ag díol earraí agus seirbhísí do bhaill an phobail. Soláthraíonn an earnáil fostaíocht tábhachtach mórthimpeall an chontae faid is a éascaíonn sé teacht ar sheirbhísí agus ar earraí. Go ginearálta tá dhá roinn leathana de chineálacha áiseanna siopadóireachta. Ar an gcéad dul síos táid san ann a dhíolann 'earraí áiseacha' (.i. bia agus deoch agus earraí tís éagsúla). Sa dara áit ansin táid san ann a dhíolann earraí comparáideacha (.i. eadhon éadaí, fearas aibhléise, troscán tí, cairpéid agus fearas DFE ina mbíonn an custaiméir sásta, go ginearálta, go mbeidh sé ag cur ama agus iarrachta isteach i dturais chuig raon maith siopaí sula ndéanfadh sé a rogha.De barr fhás an gheilleagair le deich mbliain anuas tá fás thar na bearta ar mhion-díol. Tá an fás seo san rannóg mhion-díol ag eascair as cúrsaí baile agus mar sin ag braith ar ráta fáis an gheilleagair, ar fhás an daonra agus ar theacht isteach diúscartha. An-sheans go mbeidh gá le breis a chur lena bhfuil ann cheana de spás urláir mhion-díol. Braitheann an gá a bheidh le breis forbartha ar mar a bheidh an geilleagar sa bhfad-théarma, ar chlaontaí i gcaiteachas an tomhaltóra agus mar a bhraithfidh miondíoltóirí faoi athruithe i gcoinníollacha an mhargaidh. Sé is dóichí go mbeidh an t-éileamh is mó ann do spás urláir do earraí comparáideacha cé go mbeidh éileamh leanúnacha ar spás urláir a sholáthar do earraí caoithiúla breise.

Go traidisiúnta, bíonn gnó an mhion-díol lonnaithe i lár bailte agus sráid-bhailte agus mar aon le seirbhísí sóisialta agus cultúrtha chruthaíodar na gnóthaí croí-lár a leag síos a gcruth agus a bhfeidhm. Tá sé an-deacair, áfach, iad a chur iontu anois leis an gclaonadh chun aonaid níos mó agus le soláthar méid sonrach páirceála. Tá an t-éileamh ar shuímh as baile agus ar ionaid siopadóireachta atá insroichte ag an ngluaisteán príobháideach ag tógáil ó shaibhreas, ó bheocht agus ó inmharthanacht siopaí lár-bhaile.

Chun forbairt mhiondíola a sholáthar tá sé riachtanach an suíomh is fearr atá insroichte do gach aoinne sa tsochaí agus ar scála a cheadaíonn do ionaid traidisiúnta lár-bhaile agus do ionaid mhiondíola atá ann cheana a saibhreas a choimeád agus léiríonn an mír seo imlíniú ar ordlathas miondíola don chontae.

5.10.3.1 Ordlathas Miondíola Tuaithe

Imlíníonn na Treoracha Náisiúnta Miondíola seasamh coibhneasach na lárionad uirbeach laistigh den ordlathas miondíola náisiúnta. Is Baile Átha Cliath a sholáthraíonn an leibhéal is airde de shiopadóireacht chomparáideach. Soláthraíonn na hionaid seo, mar aon leis an dara sraith ina bhfuil Corcaigh, luimneach, An Ghaillimh agúis Port Láirge raon de ord ard siopadóireachta coibhneasaí nach bhfuil a leithéid in aon bhall eile. Siad san atá sa tríú sraith na hionaid phríomha siopadóireachta mórthimpeall na tíre go bhfuil 18% den láimhdeachas comparáideach acu agus go bhfuil feidhmeanna miondíola á bhfáil acu nach raibh ach ag ionaid d'ord níos airde cheana.

Léiríonn Ordlathas Miondíola an Chontae suíomh na n-ionad atá ann laistigh de cheantar an phlean agus ceantair na gcomhairle baile. Tá sé ullmhaithe ag tógáil san áireamh feidhm, comhthéacs miondíola, struchtúr na lonnaíochta agus próifíl daonra an chontae. Sí aidhm an ordlathais ról agus feidhm na n-ionad éagsúla a thaispeáint agus chun caoi a thabhairt don Chomhairle beocht agus inmharthanacht gach ionaid a chosaint.

Ordlathas Miondíola Chontae Chiarraí	
Feidhm Mhiondíola	Lárionad
Lárionad Phríomhbhaile	Trá Lí
Lárionad Bhaile Tánaisteach	Cill Airne
Lárionaid na mBailte Contae	Baile an Bhuinneánaigh Cathair Saidhbhín Oileán Chiarraí An Daingean Neidín Cill Orglan Lios Tuathail An Rath Mhór
Lárionaid áitiúla	Caisleán Ghriaire An tSnaidhm

Tá ceannas an ordlathais ag Trá Lí go n-aithnítear in ordlathas miondíola náisiúnta ionad miondíola den tríú sraith. Sé an baile den ord is airde ó thaobh mhiondíola de sa chontae leis an tionchar is leithne aige, a phobal abhantrach agus a raon de áiseanna miondíola, agus mar sin sé an t-ionad príomha do earraí comparáideacha. Mar sin féin tá laincis a Thrá Lí ó thaobh fhorbairt na bhfeidhmeanna miondíola den ard ord toisc chomh cóngarach is atá Corcaigh agus Luimneach atá i measc na lárionad miondíola príomha sa tír agus mar uimhir a dó le hais Bhaile Átha Cliath. Chabhraigh an rathúnas le blianta beaga anuas cothromaíocht nach beag a dhéanamh idir leibhéal na ndifríochtaí de fheidhmeanna miondíola ar fáil ins na hionaid ard ord seo agus i Trá Lí.Tá Cill Airne mar an dara lárionad miondíola den dara ord sa tír. Tá sé aitheanta san ordlathas miondíola náisiúnta mar lárionad miondíola den tríú sraith ord íseal le feidhm thábhachtach miondíola.

Tá Lár Ionaid Bhailte Chontae mar ionaid den cheathrú sraith agus táid mar bhailte san roinn daonra idir 1500 – 5000. Déanann gach baile acu san feidhmeanna tábhachtacha miondíola ar son a lucht cónaithe agus ar son a gcuid abhantrach. Cé nach soláthraíonn siad raon na n-earraí atá ar

fáil ins na bailte príomha tá a ndóthain féin á soláthar acu ó thaobh an bhia de agus méid teoranta de earraí comparáideacha agus nílid ag iomaíocht ar éigin le hionaid den ard ord. De ghnáth ní chuimsíonn siad siopaí sraithe nó ollmhargaí móra. De ghnáth ní bhíonn sraith siopaí nó ollmhargaí móra acu.

Bíonn na sráid bhailte mar lárionaid áitiúla seirbhísí ag soláthar siopaí miondíola a fhriothálann ar riachtanais láithreacha, laethúla mhuintir na háite. Tá tionchar beag acu agus ní théann siad agus ní bhíonn siad ag iomaíocht le hionaid mhiondíola de ord níos airde. Ní bheadh sé i gceart do na hionaid fás ró-mhór i leith a bhfeidhmeanna miondíola agus siopadóireachta toisc a neamh-shroichte is atá siad agus nádúr a n-abhantrach pobail mar atá.

Tá ionaid chomharsanúla tar éis forbairt mar fhreagra ar ar fhás sa bhforbairt chónaitheach i mbailte réigiúnacha na dtíortha. Gníomhaíonn na hionaid seo mar ionaid seirbhíse áitiúil i gceantair mhéadaithe chónaithe agus soláthraíonn siad seirbhísí áitiúla miondíola agus seirbhísí gnó dá n-abhantrach uirbeach.

5.10.3.2 Láthair na nÚsáidí Miondíola

Cuirfidh an Chomhairle modh áitiúil seichimh i bhfeidhm i leith fhorbairtí nua miondíola laistigh des an bailte. Tá an modh seo deartha chun deimhin a dhéanamh de go gcosnófaí agus go gcuirfí feabhas ar bheocht agus inmharthanacht lárionad bailte atá ann cheana. Sé an suíomh is fearr go praiticiúil agus go h-inmharthana do fhorbairt nua miondíola seachas stóir chaoithiúla ar scála beag ná lár bailte laistigh de ionaid Phríomha agus Tánaisteacha agus bailte faoin tuath. Cuirfidh sé seo le forbairt agus do cothabháil croí lárnach dlúth ina bhfuil úsáidí miondíola agus tráchtála cóngarach go leor dá cheile chun buntáiste a bhaint as gluaiseachtaí coisithe a chéile. Sa chás nach bhfuil sé indéanta forbairt cuma agus scála na forbartha a bhíonn á lorg ar shuíomh laistigh de lárionad an bhaile pléifear suíomh ar imeall lár an bhaile. Tacóidh sé seo do fhéidearthacht aon aistear amháin le aidhmeanna difriúla leis agus cothóidh sé sineirge tráchtála idir lár an bhaile agus an fhorbairt mholta.

Caithfidh iarrthóir le haghaidh phleanála do fhorbairt mhiondíola a cheapfadh an t-údarás pleanála do bheith ar scála mór i leith lárionad bhaile atá ann cheana a thaispeáint go bhfuil sé ag cloí leis an bplean forbartha seo. Beidh de dhualgas ar an iarrthóir a thaispeáint nach mbeidh droch-éifeacht ag a mholadh ar bheocht agus ar inmharthanacht an lárionad bhaile mar atá. Nuair a bheidh an t-iarrthóir ag soláthar fianaise i leith thionchar an mhiondíola taispeánfaidh sé mar a rachadh a moladh i bhfeidhm trí;

- Tacú le straitéis fhad-théarma na lárionad bhaile mar atá siad sa bplean forbartha seo agus nach gcuirfeadh sé isteach ró-mhór ar infheistíocht ón earnáil phríobháideach a mhealladh chuig ionad amháin, nó níos mó i lár bhailte.
- Droch-éifeacht a bheith aige ar lárionad amháin, nó níos mó de ionaid lár-bhaile, bíodh sé ar cheann amháin leis féin nó ar ghrúpa díobh le chéile, de fhorbairtí le déanaí, sa mhéid is gur bhaineadar na cosa de chaighdeán an ionaid nó dá ról i saol eacnamaíoch nó sóisialta an phobail.
- Raon na ngníomhaíochtaí agus na seirbhísí a ísliú gur féidir le ionad lár-bhaile a chothabháil.
- Cuir le líon na sealúchas tréigthe sa cheantar príomha miondíola gur dhócha a leanfadh sa bhfadtéarma.
- Insroichteacht de ard-chaighdeán ag iompar poiblí, ar chois, agus ag gluaisteáin phríobháideacha i dtreo is go mbeidh an gné atá molta in shroichte ag an uile dhuine den phobal.

- Ceangal éifeachtach a dhéanamh le hionad lár-bhaile atá ann cheana i dtreo is go mbeadh sineirge tráchtála eatarthu.

I gcásanna go bhfuil an Chomhairle den tuairim gur dhócha go rachadh scála nó nádúr an mholadh i bhfeidhm go díobhálach ar chúrsaí tráchta beidh an chomhairle ag lorg Measúnú Iarmharta Tráchta le bheith aighnithe le haon iarratas pleanála. Moltar do iarrthóirí a fháil amach roimh ré an bhfuil Measúnú Iarmharta Tráchta á lorg sula n-aighnítear an t-iarratas.

Cuspóir Uimh.	Fostaíocht agus Gníomhaíocht Eacnamaíoch Láthair na nÚsáidí Miondíola
	Tá sé mar chuspóir de chuid na Comhairle:
ECO 5-37	Deimhin a dhéanamh de go lonnaítear gach forbairt nua miondíola, seachas siopaí caoithiúla ar scála beag, i lár-ionaid bhaile i mbailte Príomha nó Tánaisteacha, nó ar thalamh atá curtha i leataoibh do fhorbairt dá leithéid.
ECO 5-38	Go mbeidh staidéar féidearthachta á lorg do fhorbairtí móra ar mhéid, ar fáil, ar insroichte na suíomh agus na bhfoirgneamh ar fáil i lár an bhaile, agus ar imeall lár an bhaile. Ní thógfar suímh eile amach as lárionad an bhaile san áireamh ach amháin sa chás gur féidir a thaispeáint nach bhfuil aon suímh oiriúnach, inmharthana nó ar fáil i lárionad nó ar imeall lárionaid an bhaile.
ECO 5-39	Deimhin a dhéanamh de go gcuireann na moltaí le tarraingt na háite go bhfuil sé i gceist lonnú ann agus go gcaithfear uasghrádú a dhéanamh ar insroichteacht na bhforbairt go háirithe do iompar poiblí, do rothaithe, do choisithe agus dóibh siúd ar mhí-chumas.
ECO 5-40	Deimhin a dhéanamh de go mbeidh cur chuige nuálach le samhlaíocht ag forbróirí agus le lucht deartha chun fadhbanna a sheachaint a fhéadfadh éirí aníos le dearadh agus le leagan amach foirgneamh sean nó stairiúil uaireanta i lárionaid bhailte go bhfuil sé deacair iad a chur in oiriúint do riachtanais na laethanta seo.

5.10.3.3 Ionaid Siopadóireachta Lasmuigh den Bhaile

De ghnáth sé a bhíonn ins na hIonaid Siopadóireachta Lasmuigh den Bhaile tionóntaí ancaire le stór bia mór agus raon de siopaí níos lú. Ní bhíonn an réimse úsáidí ins na hionaid siopadóireachta seo, de ghnáth, go h-áirithe ionaid chónaithe, a chabhraíonn le hionaid bhaile agus le hionaid chomharsanúla bheith mealltach sa tráthnóna go speisialta. Bíonn siad suite, ar an mór gcóir, de bharr riachtanais, i gceantair mhóra charr-chlós ar a bhfuil brú orthu le haghaidh a bhforbartha do úsáidí eile. Ba cheart deiseanna a thapú chun deimhin a dhéanamh de go bhfanfaidh na hionaid seo mealltach don phobal trína dheimhniú go mbeidh raon maith siopaí agus seirbhísí miondíola eile ar fáil in áit gur féidir a thaispeáint na beadh aon droch cur isteach acu ar bheocht lárionad an bhaile. Dá bhféadfaí deiseanna a fháil chun roinnt ghnéithe cónaitheacha a chuir isteach ar leibhéal an chéid urláir, ach go h-áirithe, chabhródh sé le beocht na háite tráthnónta. Chabhródh moltaí um sciamhú dea-dheartha le laghdú ar cheantair pháirceála fhorleathana.

Cuspóir Uimh.	Fostaíocht agus Gníomhaíocht Eacnamaíoch

	Ionaid Siopadóireachta Lasmuigh den Bhaile
	Tá sé mar chuspóir de chuid na Comhairle:
ECO 5-41	Deimhin a dhéanamh de nach dtógfaí moltaí faoi shuímh do ionaid mhiondíola lasmuigh den bhaile san áireamh ach amháin nuair is féidir a léiriú nach bhfuil go bhfuil aon ionaid lár-bhaile atá oiriúnach, inmharthana agus ar fáil. Beidh de dhualgas ar an iarrthóir a chruthú gurab amhlaidh atá an cás.
ECO 5-42	Ceantair stad busanna an chórais iompair poiblí agus ciorcail chasta a éascú atá deartha chun riachtanais rampaí bus a shásamh a úsáideann daoine ar mhí-chumas chun tuirlingt de bhusanna á bhfriotháil ag rampaí. Níorbh fholáir bealaí do choisithe agus do rothaithe do bheith san áireamh, mar is cuí.
ECO 5-43	Gur chóir spáis oscailte, le hionaid pháirceála san áireamh a bheith deartha chun go mbeadh na spáis sin mealltach, m.sh. tírdhreachtú leagan amach.
ECO 5-44	Forbairt chónaitheach, go h-áirithe ar an gcéad urlár, a thógáil san áireamh, nuair is cuí
ECO 5-45	Deimhin a dhéanamh de go bhfuil an fhorbairt nua mhiondíola Lasmuigh den Bhaile de ard-chaighdeán deartha ailtireachta agus críocha agus go sásaíonn sé na riachtanais a bhaineann le insroichteacht, le maisiú, le leagan amach, le crann- chur, agus le sciamhú mar atá leagtha amach sa phlean seo.

5.10.3.4 Ollstóráil Miondíola

Tá an tábhacht a bhaineann le Oll-stóráil Mhiondíola ag dul i dtreise agus mar sin is riachtanas é i bhforbairt an tionscail mhiondíola. De ghnáth is stórais mhóra iad na hOll-Stórais Mhiondíola ina láimhseáiltear ábhar táirge amháin a bhíonn ag friotháil ar chustaiméir i ngluaisteán agus a dhéanann speisialtóireacht ar tháirgí mar throscán, cairpéid, tilí, DFÉ, earraí aibhléise agus araile. Ní bhíonn ionaid lár-bhaile in ann déileáil le forbairtí dá leithéid seo i leith an mhéid, riachtanais fhriothála, insroichte agus earraí díolta. Tá sé seo fíor, ach go h-áirithe, nuair a bhíonn an eanga bhóthar lárnach plúchta agus nach féidir glacadh le gluaiseacht breis feithicil gan a bheith ag cur as do úsáidí eile miondíola. Chun caoi a thabhairt don rannóg seo forbairt agus chun friotháil ar oll-stórais nach bhfuil suite san áit cheart tá talamh curtha i leataoibh do fhorbairt stórais mhiondíola i bpleananna ceantair áitiúil.

Cuspóir Uimh.	Fostaíocht agus Gníomhaíocht Eacnamaíoch Ollstóráil Miondíola
	Tá sé mar chuspóir de chuid na Comhairle:
ECO 5-46	Go ginearálta ceadófar moltaí do oll-stóráil mhiondíola ar thalamh leagtha amach don aidhm sin sa chás go réitíonn siad le moltaí aidhmeanna an phlean.
ECO 5-47	Ba chóir go mbeadh spáis poiblí, agus ionaid páirceála san áireamh, bheith leagtha amach go deas m.sh. an leagan amach agus sciamhú. Níorbh fholáir na moltaí bheith ag réiteach le haidhmeanna agus le caighdeáin fhorbartha an phlean seo.

5.10.3.5 Lárionaid na Comharsanachta

Le leathnú na gceantar uirbeacha tá ról mór á ghlacadh ag na lárionaid chomharsanúla i saol na bpobal uirbeach atá ag fairsingiú. Tá siad lonnaithe cóngarach nó le hais cheantar cónaitheach agus tharlódh sé go mbeadh eilimint de thithíocht, go h-áirithe ag dlús ard agus go ginearálta os cionn leibhéal na talún. Bíonn na tréithe céanna ag Ionaid Chomharsanúla agus ag lár-ionaid bhaile ó thaobh na húsáide de ach tá na húsáidí sin ar scála i bhfad níos lú, áitiúil le béim níos mó ar bhia agus ar earraí caoithiúla. Tá úsáidí cónaitheacha suite go minic os cionn aonad miondíola a chuireann le beocht agus le dlús ceantair uirbeach. Tá sé tábhachtach a dheimhniú go gcuireann aon fhorbairt nua le beocht an ionaid chomharsanúil a neartú agus go bhfreagraíonn sé ar riachtanais na n-áiteanna áitiúla go bhfriothálann se orthu agus ba choir insroichteacht (do iompar poiblí, do choisithe agus do rothaithe ach go h-áirithe) a bheith neartaithe.

Cuspóir Uimh.	Fostaíocht agus Gníomhaíocht Eacnamaíoch Lárionaid na Comharsanachta
	Tá sé mar chuspóir de chuid na Comhairle:
ECO 5-48	Tógfar raon de úsáidí measctha san áireamh cé is moite de spás oifigí. Sé an úsáid phríomha a bheidh ann miondíol caoithiúil agus soláthar seirbhísí ar scála beag, chomh maith.
ECO 5-49	Tabharfar aird, chomh maith, ar mholtaí ar thithíocht chónaitheach chuí ar an gcéad urlár agus ar dhlús níos airde chun cur le beocht na n-ionad seo.
ECO 5-50	Beidh an fhorbairt ar ard chaighdeán dearadh ailtireachta agus críocha agus sásóidh sé riachtanais maidir le insroichte, le háilleacht, le leagan amach, le crann chur agus sciamhú mar atá leagtha amach ar an bplean.

5.10.3.6 Siopaí an tSráidbhaile

Tá tábhacht eacnamaíoch agus sóisialta thar na bearta ag siopa an tsráidbhaile in áiteanna faoin dtuath agus tá sé riachtanach do riachtanais laethúla, go h-áirithe dóibh san atá sean, ar mhí-chumas agus dóibh san nach bhfuil teacht acu ar ghluaisteán nó go bhfuil iompar poiblí easnamhach ann dóibh. Is féidir iad a bheith mar stóir bhia agus mar stóir thábhachtacha neamh-bhia agus ina seirbhísí pobail mar chógaslanna agus mar oifig a' phoist nó le feidhmeanna tábhachtacha sóisialta agus eacnamaíochta acu. Déanfaidh an chomhairle plé ar mholtaí do ionaid mhiondíola a sholáthródh do ghar-thimpeallacht an tsráidbhaile faid is atá siad ar scála i gcoibhneas lena n-abhantrach agus laistigh de ionad lair sa tsráidbhaile.

D'fhéadfadh droch-thoradh a bheith ar shaol sóisialta agus ar shaol eacnamaíoch an phobail nuair a chailltear siopa miondíola. Mar sin déanfaidh an chomhairle measúnú ar an éifeacht ar shiopaí an tsráidbhaile nuair a thagann siad ar chinneadh faoi fhorbairtí nua miondíola i mbailte máguaird agus nuair is cuí ionaid díolacháin eile atá ann cheana a leagan amach do úsáid mhiondíola laistigh de phleananna áitiúla agus sráide.

Éascóidh Comhairle Contae Chiarraí soláthar siopaí caoithiúla ar scála beag nuair atá na moltaí;

- Ar scála atá in oiriúint do mhéid an ionaid.
- Suite laistigh de theorainn an tsráidbhaile.
- Ná beadh droch-éifeacht acu ar na dtimpeallacht nó ar chúrsaí tráchta.
- Go gcloínn siad le haidhmeanna agus le caighdeáin fhorbartha an phlean fhorbartha seo.
- Go gcloífidís le haon phlean áitiúil don cheantar ina mbeadh an fhorbairt ar siúl ann.

5.10.3.7 Siopaí i Limistéir Thuaithe

Sé an áit chuí do mhiondíol laistigh de bhailte, de shráidbhailte agus de lonnaíochtaí agus ní amuigh faoin dtuath. :Ar son timpeallacht inmharthana tuaithe, áfach, tógfar na heisceachtaí seo a leanas san áireamh ag braith ar aidhmeanna agus ar chaighdeáin fhorbartha an phlean fhorbartha seo:

- Siopa atá ann de barr thaca le cúrsaí éagsúlachta sa bhfeirmeoireacht.
- Siopa atá deartha chun friotháil ar chonláistí turasóireachta na caitheamh aimsire agus atá tánaisteach don úsáid phríomha.
- Siopa ar scála beag ceangailte le saotharlann ceirde atá ann nó atá ceadaithe cheana ag díol an ábhair go díreach leis an bpobal.
- Forbairt siopa bhig le hais oifig a' phoist atá ann cheana.

5.10.3.8 Stáisiúin Líonta Peitril / Stáisiúin Seirbhíse

Is féidir le stáisiúin líonta peitril réimse leathan earraí miondíola a sholáthar i gcomhar le siopa. In áiteanna faoin dtuath feidhmíonn roinnt acu mar ollmhargadh beag. Cé go n-aithníonn an Chomhairle an tábhacht a bhaineann le soláthar dá leithéid i roinnt áiteanna sé an suíomh is fearr do mhiondíol imeall bhailte agus sráidbhailte agus ní ar shuímh fhánacha lasmuigh de na suímh roghnacha seo.

Sé an t-uasmhéid spáis urláir do shiopa bainteach le stáisiún líonta peitril 100 méadar cearnach. Sa chás go lorgaítear spás miondíola sa bhreis ar 100 méadar de achar iomlán mion-díolacháin déanfar measúnú ar an eilimint mhiondíola ar bhonn na n-aidhmeanna suíomh miondíola céanna mar a bheadh ag iarratas do fhorbairt mhiondíola (gan na háiseanna líonta peitril) ins an suíomh céanna.

5.10.3.9 Siopaí Feirme

Toisc go bhfuil titim ar ioncam ón bhfeirm tá fiontair fheirmeoireachta ag fairsingiú an raon de ghníomhaíochtaí go bhfuil baint acu leo mar shlí chun breis ioncaim a fháil. Tá siopaí feirme mar cheann de na fiontair sin agus táid ag dul i gcoitiantacht mar ghné faoin dtuath. Is féidir le siopaí feirme feidhm an-tábhachtach a chomhlíonadh i gceantair thuaithe trí éileamh ar tháirgí úra a shásamh, foinsí nua fostaíochta agus seirbhísí a sholáthar agus cur le héagsúlacht agus le neart gheilleagar na tuaithe. Aithníonn an chomhairle an luach a bhaineann le miondíol dá short agus glacfaidh siad le hiarratais faid is nach mbíonn droch-thionchar acu ar áiseanna radhairc timpeallachta nó tráchta sa cheantar. Ina theannta san níor chóir go gcuirfeadh an moladh isteach ar inmharthanacht aon ionad miondíola atá ann agus níor mhór dó cloí le haidhmeanna agus le caighdeáin forbartha an phlean fhorbartha.

Spreagfaidh Comhairle Contae Chiarraí úsáid mhiondíola ar an bhfeirm de réir na gcritéir atá leagtha amach i gCuspóir ECO. 5-51

Cuspóir Uimh.	Fostaíocht agus Gníomhaíocht Eacnamaíoch Miondíol Feirme
	Tá sé mar chuspóir de chuid na Comhairle:
ECO 5-51	Tús a chur le húsáid mhiondíola ar an bhfeirm a spreagadh sa tslí: ▪ Nach mbíonn na táirgí ar díol ach ón sealúchas feirme ar an mór gcóir. ▪ Nach mbíonn droch-éifeacht ag scála nó ag scóip an mhiondíola ar áiseanna miondíola in aon bhaile nó sráidbhaile máguaird agus atá mar thaca ag úsáidí talmhaíochta na feirme. ▪ Go mbíonn scála, méid, dearadh, ábhair agus suíomh aon fhoirgnimh nó síneadh ar aon dul leis na foirgnimh atá ann cheana. ▪ Mura mbíonn droch-thionchar ar an dtírdhreach tuaithe nó ar áiseanna an cheantair. ▪ Go bhfuil gréasán na mbóthar in ann glacadh leis an mbreis tráchta ginte ag an bhforbairt mholta agus go bhfuil insroichteacht agus caighdeán páirceála ag réiteach le aidhmeanna agus le caighdeán an phlean fhorbartha.

5.10.3.10 Asraonta Monarchan

Is breá an sort miondíola le lucht a ndéanta agus leis an bpobal earraí atá déanta i siopa monarcha agus atá ar díol ag an suíomh. Tá siad suite, áfach, lasmuigh de na hionaid siopadóireachta agus mar aon áiseanna miondíola lasmuigh de bhailte d' fheadfadh an-tionchar a bheith acu ar bheocht agus ar inmharthanacht na n-ionad siopadóireachta seanbhunaithe. Chun tionchar siopaí dá leithéid a laghdú tá sé tábhachtach a dheimhniú go bhfuil an chuid mhiondíola de fhorbairt tionsclaíoch agus de fhorbairt tráchtála teoranta agus go bíonn sé tánaisteach do na húsáidí príomha in aon fhoirgneamh déantúsaíochta nó tráchtála.

Cuspóir Uimh.	Fostaíocht agus Gníomhaíocht Eacnamaíoch Asraonta Monarchan
	Tá sé mar chuspóir de chuid na Comhairle:
ECO 5-52	Deimhin a dhéanamh go bhfuil an chuid mhiondíola d'aon ghnó tionsclaíoch / tráchtála teoranta do 30% do spás urláir na forbartha agus go bhfuil sé tánaisteach don ghnó príomha.

5.11 Iascaireacht agus Dobharshaothrú

5.11.1 Gineann iascaireacht, próiseáil éisc, dáileadh, dobhar-shaothrú agus gnóthaí bainteach leo mórán post. Faoi láthair tá 1,027 fostaithe mórthimpeall an chontae. Tá 460 díobh seo bainteach le rannóg na Iascaireachta, agúis 371 agus 196 ag obair sa Dobhar-shaothrú agus sa Phróiseáil, faoi seach. Faoi láthair tá 195 bád cláraithe i gCo. Chiarraí. Bhí isteach is amach ar €7.6m de luach éisc tógtha i dtír i gcalafoirt phríomha an Chontae i 2006 le €5.5 sa Daingean agus €2.1 sa bhFianait. Ní raibh na figiúirí do na hionaid bheaga iascaireachta mar Bhaile na nGall, An Cromán, Port Mac Aoi agus Rinn Ard ar fáil.

5.11.2 Le blianta beaga anuas tá tionscal na hiascaireachta imithe i léig ábhar mar thoradh, i gcuid do gearradh siar ar an cuóta ag an AE. Mar sin féin tá méadú tagtha ar an dobhar-shaothrú, agus fanfaidh an tionscal, tríd is tríd, mar chuid an-tábhachtach i ngeilleagar an Chontae. Tá an deis ag dobhar-shaothrú agus próiseáil bhia leanúint ar aghaidh ag dul i méid le deiseanna do thionscail seirbhísí a fhorbairt i gCiarraí Theas le idir 300 go dtí 400 bád iascaigh idir Éireannach agus gallda ag iascaireacht leo amach óna chósta. Tacóidh an Chomhairle le neartú agus le breis forbartha ar an dtionscal iascaireachta ina mbeidh iascaireacht mara, iascaireacht abhann agus dobhar-shaothrú san áireamh.

Cuspóir Uimh.	Fostaíocht & Gníomhaíocht Eacnamaíoch Iascaigh
	Tá sé mar chuspóir de chuid na Comhairle:
ECO 5-53	Tacú le húsáid na n-áiseanna calafoirt atá ann cheana le haghaidh breith air agus próiseáil na n-iasc mar gnó geilleagrach a thacaíonn le tionscal bia an Chontae.
ECO 5-54	Tacú leis agus cur chun cinn a dhéanamh ar fhorbairt inmharthana an rannóg dhobhar-shaothraithe chun a bhfuil le tabhairt aige do fhostaíocht agus d'fhás an phobail chósta agus do thairbhe an chontae i gcoitinne a uasmhéadú.
ECO 5-55	An gréasán caladh agus cuanta faoina smacht a chothabháil agus a fheabhsú.
ECO 5-56	Tacú le tionscail bia mara agus abhann bhreisluacha agus tionscail seirbhísí nuair a chloíonn siad le polasaithe ginearálta agus le caighdeáin bhainistíochta forbartha an phlean fhorbartha.
ECO 5-57	Ceann a thógáil de straitéisí bainistíochta agus forbartha don tionscal iascaireachta atá tógtha ag gníomhairí cuí eile, ag grúpaí úsáidí eile agus ag pobail áitiúla.
ECO 5-58	Ceann a thógáil de chomhairle Bhord Iascaireachta Réigiúnaigh an Iardheiscirt de Bhord Iascaireachta Réigiún na Sionainne agus/nó Bhord Iascaireachta Réigiúnaigh ann Deiscirt, mar is cuí, agus moltaí de chuid Údarás Cheantar Abhantraí Régiún na Sionainne, Údarás Cheantar Abhantraí Réigiún an Iardheiscirt agus den Rannóg Comhshaoil i gComhairle Contae Chiarraí ag déanamh measúnú ar thionchar na bhforbairtí.
ECO 5-59	Cosc a chur le forbairt muirí ar shuímh air nó le hais Tránna Brat Gorm agus go gcuirfeadh forbairtí dá leithéid as go mór le húsáid spraoi na trá tarraingtí.

5.12 Bonneagar Eacnamaíoch

Chun go n-uasmhéadódh an contae a ndeiseanna le haghaidh fás eacnamaíoch níorbh fholáir na ceangail idir áiteanna no ceantair a uasmhéadú. Siad na ceangail na modhanna chun daoine, earraí, fuinneamh agus eolas a sheoladh. Tugann siad an chaoi do nirt chomhlíonta na n-áit agus na gceantar a bheith nasctha le chéile chun mais chriticiúil a chruthú i dtaobh daonra, scileanna seirbhísí agus áiseanna s.rl. Tugann siad inrochtana, chomh maith, do mhargaí criticiúla le haghaidh aschur eacnamaíoch na gceantar seo agus is féidir leo aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna a eascraíonn as suíomh imeallach Chiarraí. Déan tagairt do Chaibidil a 8 den Phlean chun anailís níos sonraí d'fháil ar aidhmeanna bonneagair mórthimpeall an Chontae.

5.13 Comhshaol

Cé go bhfuil an teicneolaíocht agus an acmhainn ar fáil chun éifeacht ar an gcomhshaol ag gníomhaíocht eacnamaíoch a laghdú, ní i gcónaí go n-uasmhéadaíonn fiontair thráchtála agus thionsclaíocha a gcaíonna chun cur le comhshaol níos glaine. Cuir i gcás ní i gcónaí go mbíonn foirgnimh deartha chun caomhnú an fhuinnimh nó oibreacha chun teicneolaíochtaí glanadh a uasmhéadú Mar sin spreagfaidh an Chomhairle go snaidhmfí gnéithe comhshaoil le dearadh agus le tógáil foirgneamh agus le cleachtais oibre a leithéid san.

Cuspóir Uimh.	Fostaíocht agus Gníomhaíocht Eacnamaíoch Comhshaol
	Tá sé mar chuspóir de chuid na Comhairle:
ECO 5-60	Go n-uasmhéadófaí teicneolaíocht ghlan, íoslaghdú bruscair agus caomhnú an fhuinnimh chun bearta comhshaoil a chomhcheangal le forbairtí nua tionsclaíocha agus tráchtála agus le síntí nó le athchóiriú tionscal atá ann cheana agus le cleachtais oibre.

5.14 Áiseanna Institiúideacha

Cuspóir Uimh.	Fostaíocht agus Gníomhaíocht Eacnamaíoch Asraonta Monarchan
	Tá sé mar chuspóir de chuid na Comhairle:
ECO 5-61	A chinntiú nuair is féidir go bhfuil áiseanna teach cúirte lonnaithe i lár na mbailte.